# RIALACHÁN (AE) 2023/1774 ÓN gCOIMISIÚN

## an 14 Meán Fómhair 2023

## lena gceartaítear leaganacha teanga áirithe d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le breiseáin bia

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le breiseáin bia [1], agus go háirithe Airteagal 10(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sna leaganacha Iodáilise agus Ollainnise d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008, tá mí-aistriúchán ar théarma i gCuid E, sna hiontrálacha a bhaineann le catagóir bia 17.1., lena gcúngaítear raon feidhme na dtáirgí inar féidir breiseáin bia áirithe a úsáid.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart na leaganacha Iodáilise agus Ollainnise d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 a cheartú dá réir sin. Ní dhéantar difear do na leaganacha teanga eile.

(3) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis na tuairimí ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha, arna seachadadh an 17 Aibreán 2018 agus an 10 Márta 2021,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*(Ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge.)*

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Meán Fómhair 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

[1] IO L 354, 31.12.2008, lch. 16.